

Comhairle do thuismitheoirí le linn Covid-19



Ar Ais ar Scoil i Meán Fómhair 2021 – Bunscoileanna

Tá pobail scoileanna ag obair go crua, le tacaíocht ó oifigigh sláinte poiblí, chun feidhmiú sábháilte scoileanna a chinntiú do dhaltaí, don fhoireann agus do theaghlaigh.

Tá rialacha agus gnáthaimh curtha i bhfeidhm ag gach scoil a gcaithfear cloí leo chun gach duine a choinneáil slán. Tá an chomhairle sláinte poiblí is déanaí maidir le filleadh ar scoil ar fáil ag gov.ie/filleadharscoil



Má tá aon cheann de na siomptóim Covid-19 seo ag do leanbh, ná cuir ar scoil iad agus déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh:

- Teocht 38 céim Celsius no níos mó, casacht nua, cailliúint nó athrú ar bhlas nó ar bholadh, giorra anála nó riocht anáilaithe a bhí ann cheana ach atá níos measa, comharthaí neamhchoitianta eile Covid-19, ar nós scornach tinn, tinneas cinn nó buinneach

Ná cuir do leanbh ar scoil má bhí sé/sí:

- I ndlúth-theagmháil le duine a raibh tástáil dearfach Covid-19 aige/aici
- Ag cónaí le duine tinn agus a bhféadfadh Covid-19 a bheith aige/aici

Féach tuilleadh [anseo](#).



- Má chuireann an dochtúir teaghlaigh do leanbh le haghaidh tástáil Covid-19, ba chóir don leanbh fanacht sa bhaile go dtí go bhfaightear toradh diúltach
- Mura léiríonn an tástáil Covid-19, is féidir leo filleadh ar scoil nuair a imíonn na siomptóim
- Má léirítear Covid-19, caithfidh siad féin-aonrú agus cloí leis na treoracha sláinte poiblí
- Cuirfidh sláinte phoiblí treoir ar fáil duit ar na chéad chéimeanna eile a chaithfear a leanúint. Léigh treoir FSS do thuismitheoirí [anseo](#).



An Roinn Oideachais
Department of Education

Comhairle do thuismitheoirí le linn Covid-19

Ar Ais ar Scoil i Meán Fómhair 2021 – Bunscoileanna



Coronavirus
COVID-19
Public Health
Advice



➤ **Dea-chleachtas niochán agus sláinteachas láimhe** - tábhachtach do gach dalta. Tá sé tábhachtach go nítear lámha na ndaltaí go rialta. Nuair is féidir, ba chóir múineadh do dhaltaí casacht nó sraothartach isteach ina n-uilinn nó i bhfiachán a chaithfear a chur sa bhosca bruscair láithreach.

➤ Leanfaidh gach beart a bhí i bhfeidhm i scoileanna anuraidh le linn 2021/2022. Tá sláinte phoiblí sásta go gcuidíonn na bearta seo scoileanna a choimeád slán.



➤ Beidh **trealamh cosanta pearsanta** (TCP) cuí á chaitheamh ag baill foirne nuair nach féidir fanacht fad 2 mhéadar ó dhaoine eile.

➤ Tá maoiniú curtha ar fáil do scoileanna chun an TCP seo a sholáthar do bhaill foirne.



➤ **Iompar scoile** - tá suíochán sannta ag daltaí agus caithfidh siad suí ann.

➤ Bíonn na hamanna a **bhailítear** agus a **fhágtar** leanaí gnóthach

➤ Cinntigh fadú sóisialta trí threoir na scoile a leanúint maidir le hamanna agus áiteanna le dul. Fág agus bailigh do leanbh go tapa gan fanacht timpeall.

➤ Má thaisteal tú thar lear le déanaí bí cinnte gur lean tú na treoirínte reatha atá ann duit féin agus do do leanbh. Féach eolas breise [anseo](#).



➤ Ba cheart do thuismitheoirí comhairle sláinte phoiblí a leanúint maidir le sóisialú lasmuigh den bhaile chun leanaí a choinneáil slán lasmuigh den scoil.

